C/2024/1722

23.2.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11442 — LANTMÄNNEN / HKSCAN SWEDEN)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/1722)

1. An 13 Feabhra 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Lantmännen ek för ('Lantmännen', an tSualainn)

— HKScan Sweden ('HKScan Sweden', an tSualainn), atá faoi rialú aonair HKScan Oyj

Gheobhaidh Lantmännen rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar HKScan Sweden ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is comhlachas comharchumainn talmhaíochta é Lantmännen atá faoi úinéireacht thart ar 18 000 feirmeoir Sualannach atá gníomhach i réimsí na talmhaíochta, an innealra, an bhithfhuinnimh agus na dtáirgí bia i dTuaisceart na hEorpa.

— Tá HKScan Sweden gníomhach sa slabhra luacha le haghaidh táirgeadh feola deirge, lena n-áirítear seirbhísí amhail marú, gearradh agus díchnámhú eallaí, muc agus caorach, chomh maith le díol feola úire agus próiseáilte agus táirgí gaolmhara sa tSualainn.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11442 — LANTMÄNNEN / HKSCAN SWEDEN

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË